

# An Próiseas Ionduchtaithe

Reachtáiltear Comórtas na nEarcach sa tSeirbhís Chabhlaigh nuair a bhíonn gá leis agus sin an t-aon bhealach ar féidir dul isteach in Óglaigh na hÉireann le bheith i do Mhairnéalach.

## Iarratas

Ní mór d'iarratasóirí ionchasacha foirm iarratais a chomhlánú ar líne ar an suíomh gréasáin seo. Déanfar gach cumarsáid le hiarratasóirí trí ríomhphost ar feadh aga an chomórtais.

## Tástáil Shíciméadrach

Beidh gach iarratasóirí a chomhlíonann na critéir íosta incháilitheachta beidh cuireadh dó freastal do Thástáil Shíciméadrach. Beidh sonraí iomlána na tástálacha a sheoladh chuig gach iarratasóir tar éis na céime iarratais don chomórtas dúnta.

## Tástáil Aclaíochta

Tabharfar cuireadh do na hiarratasóirí uile a shásaíonn na critéir íosta cáilitheachta teacht ag ionad Tástála Aclaíochta, áit ina mbeidh Tástáil Ionduchtaithe Aclaíochta Óglaigh na hÉireann le déanamh acu.

## Agallamh

Iarrfar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo san ionad Tástála Aclaíochta teacht chuig agallamh. Tá an t-agallamh ar bhonn inniúlachta agus déanfar measúnú ar iarratasóirí i leith na n-inniúlachta seo a leanas:-

- Cumas obair a dhéanamh faoi bhrú
- Obair Bhuíne
- Inspreagadh
- Treoshuíomh gairme

## Imréiteach Liachta agus Slándála

Glaofar ansin ar na hiarratasóirí is airde scór teacht chuig scrúdú iomlán liachta. Ag an am céanna déanfaidh an Garda Síochána imréiteach slándála i leith gach iarratasóra. Ní mór go n-éireodh le hiarratasóirí sa scrúdú liachta agus san imréiteach slándála chun go gcuirí san áireamh iad le haghaidh ionduchtaithe.

## Áit a dhámhachtain i Rang Earcaíochta

Tairgfear áit sa Rang Earcach a roghnaigh siad do na hiarratasóirí is airde a chríochnaigh in ord fiúntais sa chomórtas.

# Traenáil (ocht seachtaine déag)

Tá Siollabas Traenála na n-Earcach deartha chun Gnáthmhairnéalach a chur ar fáil atá aclaí go fisiciúil, a bhfuil smacht aige/aici air/uirthi féin, atá spreagtha, agus a bhfuil bunscoilleana míleata aige/uirthi. Is mar a chéile traenáil Earcaigh Chabhlaigh agus buntraenáil mhíleata. Leanann cúrsaí traenála le Speisialtóirí Oilte ansin.

## Céim 1: Seachtainí 1 – 2

Déantar traenáil earcaigh sa tSeirbhís Chabhlaigh a chur i gcrích thar thréimhse 14 seachtaine anois. Baineann seachtainí 1 agus 2 le Tréimhse Ionduchtúcháin ar lena linn a fhaigheann iontrálaithe nua an teagasc riachtanach go léir agus an traenáil bhunúsach a chumasódh dóibh feidhmiú go sábháilte sa timpeallacht mhíleata. Is ionann an t-athrú ó shaol an tsibhialtaigh go dtí an saol míleata agus mórathrú cultúir don earcach óg. Tagann deireadh leis an tsaoirse chun a ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i gcrích ar bhealach neamhspleách ar fad agus, ina ionad sin, bíonn timpeallacht diansmachta eagraithe, struchtúrtha ann. Tógann sé roinnt ama ar an earcach dul i dtaithe ar an athrú sin agus bíonn ar an bhFoireann Traenála faireachán cúramach a dhéanamh le linn an ama sin.

## Céim 2: Seachtainí 2 - 12

Is é atá i gceist leis na chéad 10 seachtaine eile ná Tréimhse na Croí-Thraenála. Chun cuspóir na tréimhse seo a bhaint amach ní mór an traenáil sin a thabhairt d'earcaigh chabhlaigh sa Bhunáit Chabhlaigh agus ní mór blaiseadh den saol ar bord loinge a thabhairt dóibh le linn na SEACHTAINE AR FARRAIGE. Soláthraíonn sé sin eispéireas fíorshaoil leanúnach, macánta, cruinn don earcach agus tugann sé tagarmharc maidir le hoiriúnacht ina dhiaidh sin. Ó thaobh an duine aonair (leas, cinntí maidir le gairmréim) agus na hearcaíochta (luach ar airgead ó chostas na traenála) araon, tá sé tábhachtach go ndéantar oiriúnacht i leith an tsaoil ar farraige a shuíomh a luaite is féidir le linn earcaigh a thraenáil. Ina theannta sin, cuirtear tús le teagasc maidir leis an hábhair seo a leanas: Freagróir Céadchabhreach, Sláinteachas agus Sláintíocht, agus Traenáil Sláinte & Sábháilteachta. BGDF, Bunú Garda agus Druileáil Fairtheora Beidh na scrúduithe riachtanacha ann le linn na tréimhse seo freisin, ar scrúduithe iad nach mór d'Earcaigh pas a fháil iontu sula dtabharfar ceadú críochnaitheach dóibh agus áirítear an Tástáil Bhliantúil i leith Arm Pearsanta agus an Tástáil Aclaíochta.

## Céim 3: Seachtainí 12 – 14

Is é atá i gceist leis an 2 sheachtain deiridh ná Tréimhse na Traenála Deiridh. Tabharfar buneolas don Earcach freisin maidir le Traenáil Chabhlaigh ghinearálta ghairmiúil. Áiríonn sé sin traenáil ghinearálta mhairnéalachta nach mór do dhaoine i ngach céim de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh a bheith ar an eolas fúithi. De bhreis air sin, beidh Taispeántas Searmanais ann mar chuid de Pharáid Cháilithe na nEarcach.

## Traenáil G-AI (Gnáthaicmeach go hAicmeach Inniúil) (6 Seachtaine)

- Cuirtear tús le Gnáthaicmeach go hAicmeach Inniúil tar éis Traenáil Earcaigh a chríochnú. Cuimsíonn an traenáil 6 seachtaine de chúrsaí leanúna chun an t-earcach nua-cháilithe a cháiliú sna réimsí seo a leanas:
- BGDF
- RCD (Rialú Damáiste agus Comhrac Dóiteáin)
- Piostal H+K
- MIO (Oibríochtaí Muirí Díchumasaithe)
- SPO (Oibríochtaí Cosanta Loinge)
- Traenáil Cheathrúnaigh
- Fear Tosaigh BICR (Bád Inséidte Cabhlach Righne)

Seoltar na cúrsaí sin idir an Bhunáit Chabhlaigh agus NMCI (Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann) agus cáilíonn siad an Mairnéalach mar dhuine atá cáilithe chun dul i mbun postáil ar farraige tar éis an cúrsa a chríochnú.